Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14880/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0012 (NLE)**

**SOC 723**
**EMPL 481**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir le feabhas a chur ar raon feidhme agus ábharthacht an bhailithe sonraí, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, i ndáil leis an idirphlé sóisialta<br>– Formhuiniú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuairim thuasluaite d'fhonn go bhformhuinfeofar í ag an seisiún den Chomhairle (EPSCO) an 1 Nollaig 2025.

**An Coiste Fostaíochta**

An 23 Deireadh Fómhair 2025

**Tuairim ón gCoiste Fostaíochta**

**Feabhas a chur ar raon feidhme agus ábharthacht an bhailithe sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an idirphlé sóisialta, lena n-áirítear maidir leis an gcómhargáil, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach**

## RÉAMHRÁ

1. **Is dlúthchuid de shamhail gheilleagar sóisialta margaidh an Aontais Eorpaigh é an t-idirphlé sóisialta, atá leabaithe i bprionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**. Leis an idirphlé sóisialta ar gach leibhéal, lena n-áirítear an leibhéal Eorpach, náisiúnta, trasearnála agus earnálach, tugtar dár margaí saothair agus dár ngeilleagair an inoiriúnaitheacht is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an Eoraip, mar shampla, an dícharbónú, an digiteáil agus an t-aistriú déimeagrafach. Measann an Coimisiún Eorpach, ag eascairt as treoirlínte polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen (2024-2029), agus an Chomhairle, agus ag eascairt as na treoirlínte maidir le beartais fostaíochta na mBallstát, go bhfuil an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil ríthábhachtach chun iomaíochas eacnamaíoch agus cothroime shóisialta araon a áirithiú agus chuir sé ar thús cadhnaíochta ina chuid tosaíochtaí iad. Thairis sin, rinne an Coimisiún agus Uachtaránacht na Beilge, thar ceann na Comhairle agus na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha, athnuachan ar a dtiomantas an t-idirphlé sóisialta a neartú a thuilleadh i nDearbhú Trípháirteach Val Duchesse an 31 Eanáir 2024. Leagtar béim freisin i nDearbhú La Hulpe 2024 maidir le todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar ról an idirphlé shóisialta[1]. Le déanaí, an 5 Márta 2025, shínigh an Coimisiún agus na comhpháirtithe sóisialta trastionscail ar leibhéal an Aontais Comhshocrú nua maidir le hIdirphlé Sóisialta Eorpach, a ceapadh chun a áirithiú go mbeadh iomaíochas an Aontais amach anseo fite fuaite le poist ardcháilíochta agus le lucht saothair a mbeidh na scileanna cearta acu.

2. **Is é Moladh C/2023/1389 ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach an chéad ionstraim dlí in *acquis* an Aontais atá**

[1] Arna shíniú ag Ríocht na Beilge thar ceann 25 Bhallstát

**tiomnaithe go hiomlán don idirphlé sóisialta.** Leis an Moladh, tugtar treoir do na Ballstáit maidir leis an mbealach chun timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta dépháirteach agus trípháirteach, lena n-áirítear cómhargáil, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, ar gach leibhéal, i gcomhthéacs inar tháinig laghdú 10 bpointe céatadáin ar sciar na n-oibrithe a chumhdaítear le comhaontuithe comhchoiteanna idir 2000 agus 2019 (ó 66 % go 56 %[2]). Ceapadh a chuid forálacha ar bhealach lena n-urramaítear traidisiúin náisiúnta agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, agus moladh do na Ballstáit, i measc nithe eile, a áirithiú go rachfaí i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le ceapadh agus cur chun feidhme beartas eacnamaíoch, fostaíochta agus sóisialta, agus chun cómhargáil a chumasú, agus aghaidh á tabhairt freisin ar chineálacha nua oibre agus ar chineálacha fostaíochta neamhthipiciúla neamhchaighdeánacha.

3. **Iarradh ar an gCoiste Fostaíochta i mír 13 den Mholadh ón gComhairle féachaint, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta ábhartha, an bhféadfaí feabhas a chur ar raon feidhme agus ar ábharthacht an bhailithe sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an idirphlé sóisialta, sonraí is iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta, lena n-áirítear sonraí maidir le cómhargáil, agus Tuairim a thabhairt don Chomhairle ina leith sin**. Ag deireadh 2023, chomhaontaigh comhaltaí EMCO sainordú a thabhairt dá Ghrúpa Táscairí (EMCO IG) obair ullmhúcháin a dhéanamh i gcomhréir leis an nglao a leagtar amach sa Mholadh. Tar éis seimineár inar díríodh ar 'Sonraí agus staidreamh maidir leis an idirphlé sóisialta lena n-áirítear cómhargáil' a d'eagraigh sé i mí an Mhárta 2024, phléigh EMCO IG, idir mí na Nollag 2024 agus mí na Bealtaine 2025, luamháin bheartais, rinne sé breithniú ar na foinsí sonraí a bhí ann cheana agus shainaithin sé na riachtanais le haghaidh feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhailiú sonraí, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta trastionscail Eorpacha. I ndeireadh na dála, ba cheart go bhfeidhmeodh an Tuairim seo chun an faireachán rialta ar chur chun feidhme an Mholta a bharrfheabhsú, mar chuid de na gníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha arna ndéanamh ag an gCoiste Fostaíochta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

---

[2] Bunachar sonraí ECFE/AIAS maidir le Saintréithe Institiúideacha Ceardchumann, Socrú Pá, Idirghabháil agus Comhaontuithe Sóisialta (ICTWSS)..

4. **Leis an tacar 14 luamhán beartais atá i gceangal leis an Tuairim seo, atá bunaithe ar obair ullmhúcháin EMCO IG, léirítear forálacha an Mholta i bhformáid atá saincheaptha chun an fhaisnéis is gá chun faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme a shainiú**. Sainíodh na luamháin bheartais atá beartaithe chun a fháil amach an léirítear forálacha sonracha an Mholta i reachtaíocht nó i gcleachtas náisiúnta agus/nó i mbearta nó sásraí beartais ábhartha eile arna nglacadh ag na Ballstáit mar aon leis an mbealach a ndéantar an méid sin. Is iondúil gurb éard a bhíonn sna 'luachanna' a bhaineann leis na luamháin bheartais ná faisnéis bheacht maidir leis na creataí náisiúnta atá ann cheana.

## BARÚLACHA GINEARÁLTA

5. **Léiríonn staid reatha an bhailithe sonraí maidir leis an idirphlé sóisialta agus an chómhargáil bearnaí, go háirithe maidir le hinchomparáideacht sonraí ar fud na mBallstát**. D'fhéadfaí raon feidhme agus ábharthacht an bhailithe sonraí a fheabhsú chun faireachán éifeachtach ar an Moladh a áirithiú san fhadtéarma, agus sonraí atá cothrom le dáta, cruinn agus comhsheasmhach a shlógadh. Tugtar le tuiscint leis sin raon feidhme iomchuí a shainiú le haghaidh bailiú sonraí ábhartha ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus aird chuí á tabhairt ar inchomparáideacht na sonraí a roghnaítear a áirithiú chomh maith le leanúnachas na sraitheanna sonraí in am, agus an t-ualach riaracháin á choinneáil íseal ag an am céanna.

6. **Tá comhthuiscint ann gur féidir feabhas a chur ar bhailiú sonraí gan a bheith ag cur leis an ualach riaracháin go suntasach mar thoradh ar cheanglais tuairiscithe nua a bheith ar na Ballstáit.** I gcomhréir le cinneadh an Choiste Fostaíochta i mí Mheán Fómhair 2025 faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta trí Athbhreithniú athstruchtúraithe ar an Idirphlé Sóisialta a thionólfar gach 2 bhliain ó 2026 ar aghaidh, moltar sa Tuairim seo úsáid a bhaint as athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo chun an bonn fianaise maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú de réir a chéile freisin. Leis an gcur chuige sin, bheifí in ann an fhaisnéis chainníochtúil atá ann cheana maidir le cumhdach cómhargála agus dlús eagrúcháin na gceardchumann agus na bhfostóirí a ghiaráil, agus ag an am céanna, leas a bhaint as an saibhreas sonraí cáilíochtúla atá ar fáil cheana féin maidir leis an idirphlé sóisialta agus leis an gcómhargáil.

7. **I bhformhór na gcásanna, is mó an seans go mbainfear amach anailís agus tomhas a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil le gnéithe beartais an Mholta ar bhealach níos éifeachtaí trí úsáid a bhaint as táscairí cáilíochtúla**, ós rud é go gcuimsítear sa Mholadh gnéithe beartais éagsúla a rannchuidíonn le timpeallacht chumasúcháin don idirphlé sóisialta agus don chómhargáil,agus nach féidir gach aon cheann acu a thomhas go cainníochtúil. Go háirithe, déantar an méid seo a leanas leis an Moladh:

a) áirítear ann treoir bheartais arb é is aidhm di na cearta agus na saoirsí bunúsacha is gá a ráthú chun idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chumasú, chomh maith le cosaint oibrithe, fostóirí, a n-eagraíochtaí agus a n-ionadaithe a áirithiú;

b) athdhearbhaítear gur gá tacaíocht institiúideach iomchuí a chur ar fáil lena gcothófar idirphlé sóisialta fóinteach agus rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas ábhartha;

c) liostaítear na prionsabail is infheidhme maidir le príomhghnéithe ar nós nósanna imeachta aitheantais agus ionadaíochta, chomh maith le nósanna imeachta idir-réitigh, idirghabhála nó eadrána;

d) áirítear ann treoir bheartais maidir le rochtain na gcomhpháirtithe sóisialta ar an bhfaisnéis ábhartha uile le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach sa chómhargáil, agus ar thacaíocht ábhartha d'fhothú acmhainneachta;

e) leagtar síos mar chuspóir leibhéal níos airde cumhdaigh cómhargála éifeachtaigh, agus sin bunaithe ar a chumasú ar gach leibhéal iomchuí agus comhordú idir na leibhéil sin á spreagadh ag an am céanna;

f) cuirtear i dtreis, i gcomhthéacs reatha an aistrithe dhigitigh, an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhéimeagrafaigh, a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme na bprionsabal beartais sin a chur in oiriúint do shaol nua na hoibre.

## BARRFHEABHSÚ NA BHFOINSÍ SONRAÍ ATÁ ANN CHEANA

8. **Le bailiú sonraí chun faireachán a dhéanamh ar an Moladh, ba cheart an chothromaíocht is fearr is féidir a áirithiú idir an gá atá le faisnéis leordhóthanach atá cothrom le dáta agus an gá atá le haon ualach riaracháin breise a íoslaghdú**. Agus an méid sin á chur san áireamh, féadfar na luamháin bheartais atá beartaithe a dhoiciméadú den chuid is mó agus sin bunaithe ar úsáid bharrfheabhsaithe na sonraí atá ann cheana. D'fhéadfaí an barrfheabhsú sin a threorú le dhá phrionsabal. Ar an gcéad dul síos, ba cheart foinsí sonraí atá ann cheana a úsáid i gcás ina bhfuil siad ar fáil chun faisnéis a sholáthar maidir leis na luamháin bheartais, agus ar an gcaoi sin, an gá le bailiú nua sonraí a sheachaint. Ar an dara dul síos, ba cheart sonraí a bailíodh cheana i gcomhthéacs cleachtaí tuairiscithe eile a úsáid a mhéid is ábhartha.

9. **Áirítear ar na foinsí sonraí atá ann cheana a mheastar a bheith ábhartha chun faireachán a dhéanamh ar an Moladh na bunachair sonraí a liostaítear sa mhír seo. Sa tábla san iarscríbhinn, tugtar mapáil mhionsonraithe ar na luamháin bheartais a chumhdaítear leo.**

    a) Meastar go bhfuil bunachar sonraí ECFE/AIAS maidir le Saintréithe Institiúideacha Ceardchumann, Socrú Pá, Idirghabháil agus Comhaontuithe Sóisialta (ICTWSS) an-ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar urramú na saoirse comhlachais agus na cómhargála, ar leibhéal na tacaíochta institiúidí don idirphlé sóisialta, ar cháilíocht na gcreataí lena gcumasaítear cómhargáil, agus ar na rátaí cumhdaigh cómhargála (luamháin bheartais A, E, J, K).

    b) Soláthraíonn Bunachar Sonraí Dlí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Caidreamh Tionsclaíoch (IRLex) agus Bunachar Sonraí na reachtaíochta náisiúnta um shaothar, um shlándáil shóisialta agus um chearta gaolmhara an duine (NATLEX) faisnéis bhreise ábhartha. Comhlánaíonn siad sonraí ECFE/AIAS le haghaidh na bpointí a liostaítear sa mhír roimhe seo. Ina theannta sin, ceadaítear leo measúnú a dhéanamh ar na ráthaíochtaí neamhspleáchais a dheonaítear do chomhpháirtithe sóisialta, ar an rochtain atá acu ar fhaisnéis ábhartha chun páirt a ghlacadh san idirphlé sóisialta, ar na nósanna imeachta maidir le haitheantas agus ionadaíocht a dhéanamh, ar aitheantas a thabhairt dá ról i struchtúir agus i bpróisis an idirphlé shóisialta, agus ar chórais a bheith ann lena bhforfheidhmítear comhaontuithe comhchoiteanna (luamháin bheartais A, B, C, E, G, H, I, J, L).

c) I dtuarascálacha Eurofound maidir le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas, lena n-áirítear sa Seimeastar Eorpach, soláthraítear sonraí ábhartha maidir le bearta tacaíochta institiúideacha, a gcur i bhfeidhm maidir le ceapadh beartas an Aontais agus sásraí idir-réitigh, idirghabhála nó eadrána a bheith ann (luamháin bheartais E, F, I).

d) Áirítear ar na hacmhainní atá ar fáil laistigh den Choimisiún bunachar sonraí téacsanna an idirphlé shóisialta, na táscairí maidir le cistiú CSE+ agus sonraí maidir le cistiú sainphribhléid sóisialta a thacaíonn leis an idirphlé sóisialta, lena soláthraítear faisnéis maidir le cur chun feidhme comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais agus maidir le húsáid chistiú an Aontais chun tacú leis an idirphlé sóisialta (luamhán beartais N).

10. **Ba cheart na tacair sonraí atá ann cheana a liostaítear sa mhír roimhe seo a chomhlánú gan próisis tuairiscithe throma nua a bhunú.** Is iad na Ballstáit, i gcomhairle lena gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta, is fearr atá in ann tuairiscí gonta faisnéiseacha a chur ar fáil ar na creataí, na bearta agus na sásraí náisiúnta ábhartha atá i bhfeidhm. Léirítear ar liosta na mbeart atá le cur isteach ag na Ballstáit faoin 7 Nollaig 2025 maidir le cur chun feidhme an Mholta, agus mír 11 de á cur i bhfeidhm, conas is féidir an malartú faisnéise sin a eagrú ar bhealach solúbtha. Is é sin, is féidir é a bhaint amach trí fhaisnéis a cuireadh ar fáil cheana i gcomhthéacs cleachtaí eile a athúsáid. Go háirithe, féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint as na próisis tuairiscithe a eascraíonn as cur chun feidhme na n-ionstraimí de chuid an Aontais atá ann cheana. D'fhéadfadh na Ballstáit leas a bhaint freisin as cleachtaí tuairiscithe agus as ranníocaíochtaí athúsáide arna mbunú i gcomhthéacsanna institiúideacha eile (e.g. ECFE, EIS).

11. **Ba cheart leas iomlán a bhaint as foinsí sonraí arna soláthar ag comhpháirtithe sóisialta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.** Áirítear leis sin sonraí a chomhroinntear i gcomhthéacs na gcomhairliúchán leis na húdaráis náisiúnta. Ar an leibhéal Eorpach, ba cheart don Choimisiún agus an Coiste Fostaíochta breithniú a dhéanamh freisin ar an bhfaisnéis a chuireann na comhpháirtithe sóisialta in iúl maidir le bearta beartais ábhartha a bhaineann le cur chun feidhme an Mholta ina gcuid ról faoi seach.

**FAIREACHÁN ÉIFEACHTACH FIANAISE-BHUNAITHE A CHUR CHUN FEIDHME**

12. **Ba cheart an faireachán éifeachtach fianaise-bhunaithe a dhéantar ar an idirphlé sóisialta agus ar chómhargáil ar fud an Aontais Eorpaigh a bheith fréamhaithe sna prionsabail seo a leanas**: feabhas a chur ar inchomparáideacht na sonraí atá ann cheana; feabhas a chur ar cháilíocht na mbunachar sonraí aitheanta atá ann cheana, lena n-áirítear trí rannchuidiú leis na bunachair sonraí sin atá á gcoinneáil ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus ag ECFE a threisiú; agus Athbhreithniú ar an Idirphlé Sóisialta atá struchtúraithe go soiléir bunaithe ar an Moladh ón gComhairle.

13. **Céim thábhachtach i dtreo anailís cháilíochta ar an leibhéal Eorpach is ea inchomparáideacht sonraí a mhéadú.** D'fhéadfadh an Coimisiún féachaint an bhféadfaí oibriú i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais chun na críche sin. D'fhéadfadh an Líonra um idirphlé sóisialta an Aontais a anailísiú agus a chur chun cinn, a bunaíodh i mí Eanáir 2025 le Eurofound, rannchuidiú leis na hanailísí sin, rud a chuirfeadh go mór le hAthbhreithnithe an Choiste Fostaíochta ar an Idirphlé Sóisialta. Ar deireadh, bhainfeadh an mheastóireacht ar na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar an Moladh, atá le hullmhú ag an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta, faoin 7 Nollaig 2029, tairbhe as an tacaíocht sin freisin. Ba cheart cleachtaí athbhreithnithe agus meastóireachta a bheith bunaithe i gcónaí ar fhaisnéis atá cothrom le dáta.

14. **Ba léiriú ar dhul chun cinn ar díol sásaimh é dá gcumhdódh bunachair sonraí ábhartha na hEagraíocht Idirnáisiúnta Saothair na Ballstáit uile go cothrom.** Baineann sé sin le NATLEX, bunachar sonraí na reachtaíochta náisiúnta maidir le saothar, slándáil shóisialta agus cearta an duine, agus le IRLex, an bunachar sonraí dlíthiúil maidir le caidreamh tionsclaíoch. Is foinsí úsáideacha iad an dá cheann acu, atá ar fáil i bhformáid inchomparáide. Ós rud é nach gcumhdaíonn bunachar sonraí IRLex ach 14 Bhallstát de chuid an Aontais faoi láthair, molann an Coiste Fostaíochta do na Ballstáit agus don Choimisiún oibriú go dlúth le EIS chun féachaint ar réitigh chun a chumhdach a mhéadú chun tíortha uile an Aontais a áireamh agus nuashonruithe rialta a áirithiú, ag díriú ar na ranna lena ngabhann breisluach maidir le faireachán a dhéanamh ar an Moladh.

15. **Molann an Coiste Fostaíochta do na Ballstáit agus don Choimisiún oibriú go dlúth le ECFE chun bunachar sonraí ábhartha ECFE/AIAS a choinneáil ar bun, agus, i gcás inarb ábhartha, é a leathnú, de réir mar a thagann cineálacha nua rannpháirtíochta oibrithe chun cinn** (e.g. ballraíocht ar bhoird, comhroinnt brabúis). Tá feidhm aige sin maidir le Saintréithe Institiúideacha Ceardchumann, Socrú Pá, Idirghabháil agus Comhaontuithe Sóisialta (ICTWSS), ar príomhfhoinse sonraí é maidir leis an idirphlé sóisialta. Déantar príomhathróga (e.g. cumhdach cómhargála, dlús eagraíochtaí ceardchumainn agus fostóirí, chomh maith le faisnéis cháilíochtúil maidir le cearta, comhshocruithe agus comhaontuithe sóisialta, agus leibhéil chómhargála agus a gcomhordú) a thabhairt cothrom le dáta gach 2 bhliain, agus déantar nuashonrú iomlán, lena n-áirítear próifílí tíre, gach 4 bliana. Áirithítear leis an bhformáid sin cobhsaíocht agus inchomparáideacht chun faireachán a dhéanamh ar phríomhghnéithe na cómhargála agus an idirphlé shóisialta.

16. **Cuirfidh bailiú feabhsaithe sonraí le hAthbhreithniú barrfheabhsaithe ar an Idirphlé Sóisialta. I gcomhréir le hAirteagal 14 den Mholadh, tá Athbhreithniú athstruchtúraithe á cheapadh ag EMCO, le tacaíocht ón gCoimisiún, lena n-áirithítear freisin faireachán iomchuí ar an Moladh ón gComhairle.** Is é an aidhm atá ann a áirithiú go ndéanfar plé níos forleithne ar na dúshláin thírshonracha a bhaineann leis an idirphlé sóisialta laistigh de ghníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha EMCO i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, mar aon le faireachán domhain ar fhorálacha an Mholta, ag tosú in 2026. Leis an Athbhreithniú, d’fhéadfaí bearnaí beartais ábhartha agus dul chun cinn a shainaithint, chomh maith le dea-chleachtais ar fiú iad a scaipeadh chun feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta ar fud an Aontais, tar éis próiseas cuíchóirithe simplithe.

17. **Maidir leis na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhailiú sonraí a liostaítear san Iarscríbhinn, iarrann EMCO ar na Ballstáit - i ndlúthchomhar lena gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta - céimeanna a ghlacadh de réir a chéile chun an bonn fianaise maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú, ag tógáil ar a bhfuil ar fáil cheana ar an leibhéal náisiúnta.** D'fhéadfaí feabhsuithe den sórt sin a shaothrú de réir a chéile, ag tosú leis an bhfaisnéis atá le cur isteach faoi mhí na Nollag 2025 chun cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle a thuairisciú, agus ag leanúint ar aghaidh sa tréimhse roimh mheastóireacht an Choimisiúin in 2029. Sa chomhthéacs sin, beidh na hAthbhreithnithe ar an Idirphlé Sóisialta atá le heagrú ag an gCoiste in 2026 agus 2028 ina ngarspriocanna tábhachtacha chun an dul chun cinn atá déanta a mhachnamh agus chun malartú taithí a éascú i measc na mBallstát maidir le feabhas a chur ar bhailiú sonraí ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart na hiarrachtaí a bheith comhréireach i gcónaí leis na tairbhí anailíseacha a bhfuiltear ag súil leo agus níor cheart ualaí tuairiscithe neamhriachtanacha a chruthú, lena n-áiritheofar go leanfaidh an dul chun cinn de bheith fóinteach agus indéanta.

**18. Iarscríbhinn - Tábla cuimsitheach de luamháin bheartais, le mapáil mhionsonraithe ar acmhainní úsáideacha atá ann cheana agus feabhsuithe molta ar bhailiú sonraí**

| Luamhán beartais | Forálacha an Mholta | Modh measúnaithe<br>Acmhainní atá ann cheana agus feabhsuithe molta ar bhailiú sonraí |
|---|---|---|
| (A) Cineál rialacha agus meicníochtaí chun a ráthú go n-urramófar saoirse comhlachais agus cómhargáil, i.e.:<br>- oibrithe, fostóirí, comhaltaí eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta agus ionadaithe ón dá thaobh a chosaint ar aon bheart a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear tionchar diúltach ar a bhfostaíocht<br>- neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta agus saoirse na bpáirtithe caibidlíochta a ráthú chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na saincheisteanna a bheidh le caibidil | (1) (a), (5) agus (8) (b) | Foinsí atá ann cheana a úsáid:<br>- Leibhéal cosanta na saoirse comhlachais agus na cómhargála: úsáid bhunachar sonraí ECFE/AIAS maidir le Saintréithe Institiúideacha Ceardchumann, sonraí maidir le Socrú Pá, Idirghabháil agus Comhshocruithe Sóisialta (ICTWSS) (roinn A/cearta).<br>- Bearta lena gcosnaítear oibrithe, fostóirí, a n-eagraíochtaí agus a n-ionadaithe: asbhaint achomair Bhunachar Sonraí Dlíthiúil EIS maidir leis an gCaidreamh Tionsclaíoch (IRLex database) (roinn 3 arna thiomnú do chosaintí reachtacha).<br>- Acmhainn bhreise maidir le reachtaíocht saothair náisiúnta, reachtaíocht slándála sóisialta agus reachtaíocht ghaolmhar maidir le cearta an duine: Bunachar sonraí EIS maidir le reachtaíocht saothair náisiúnta, reachtaíocht slándála sóisialta agus reachtaíocht ghaolmhar maidir le cearta an duine (NATLEX).<br>- Foláirimh fhéideartha a shainaithint maidir le srianta ar ábhair a chumhdaítear leis an gcómhargáil: asbhaint athróga 63/73 (oibrithe) agus 60/70 (fostóirí) de Tháscaire SFI 8.8.2 de chuid EIS maidir leis an tsaoirse comhlachais agus an aitheantas éifeachtach ar an gceart chun cómhargála. |
| (B) Cineál na mbeart chun neamhspleáchas ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí a ráthú, a gcumas a threisiú agus a rannpháirtíocht san idirphlé sóisialta a chur chun cinn | (1) (b), (c) agus (e), agus (10) (a), (b), (c), (d), (i) | Foinsí atá ann cheana a úsáid:<br>- Cosaint dlí atá ann cheana i gcoinne gníomhartha cur isteach: sonraí IRLex a asbhaint go hachomair (roinn 3.2).<br>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:<br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, tuairisc bheacht a thabhairt ar bhearta dearfacha arb é is aidhm dóibh acmhainneachtaí agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a fhorbairt agus a neartú, agus rannpháirtíocht na bpáirtithe uile san idirphlé sóisialta a threisiú. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cistiú, tacaíocht lóistíochta, oiliúint nó saineolas dlíthiúil agus teicniúil a sholáthar, tacaíocht |

| | | |
|---|---|---|
| | | d'ionadaíochas/comhaltas a threisiú (neamhtheorannach). Is glao chun dea-chleachtais a shainaithint é an cleachtadh aimsithe sonraí sin freisin. |
| (C) Bearta agus bealaí a bheith ann chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag comhpháirtithe sóisialta ar an bhfaisnéis ábhartha atá riachtanach chun páirt a ghlacadh in idirphlé sóisialta agus i gcómhargáil | (1) (d) agus (3) | Foinsí atá ann cheana a úsáid:<br>- Rochtain na gcomhpháirtithe sóisialta ar fhaisnéis ar leibhéal an ionaid oibre: asbhaint achomair bhunachar sonraí IRLex (roinn 5).<br>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:<br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, tuairisc bheacht a thabhairt ar na bearta faisnéise agus na bealaí faisnéise atá ann sa Bhallstát. |
| (D) Na rialacha agus na bearta a liostaítear faoi luamháin bheartais A go C a oiriúnú don aois dhigiteach, don saol nua oibre (lena n-áirítear cineálacha nua agus neamhchaighdeánacha oibre), do na haistrithe déimeagrafacha agus glasa atá cothrom agus cóir, agus don chomhionannas inscne agus do chomhdheiseanna | (1) (f), (8) (a) agus (10) (e) (f) | Níl aon fhoinse chórasach/inchomparáide ann<br>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:<br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, faisnéis bheacht a chur ar fáil maidir le hoiriúnú ábhartha a rialacha agus a mbeart, agus é mar aidhm acu iad a chur in oiriúint do na gnéithe a liostaítear sa luamhán beartais. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cómhargáil a chur chun cinn i gcomhthéacsanna atá ábhartha do na gnéithe sin, deireadh a chur le bacainní sonracha ar an idirphlé sóisialta agus ar an gcómhargáil i gcomhthéacsanna den sórt sin, tacaíocht d'oiriúnú ghníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta (neamh-theorannach). Is glao é an cleachtadh aimsithe sonraí sin freisin chun dea-chleachtais a shainaithint ar féidir leo an bealach a réiteach do mhalartú tairbheach amach anseo. |
| (E) Bearta a bheith ann chun tacaíocht institiúideach iomchuí a chur ar fáil chun idirphlé sóisialta fóinteach a chothú, go háirithe sásraí, atá socraithe sa dlí nó sa chleachtas institiúideach, lena ndéantar foráil maidir le rannpháirtíocht chórasach, éifeachtach agus thráthúil na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas fostaíochta agus sóisialta, chomh maith le beartais eacnamaíocha agus beartais phoiblí eile | (1) (g) agus (2) | Foinsí atá ann cheana a úsáid:<br>- Sásraí lárnacha rannpháirtíochta: asbhaint bhunachar sonraí IRLex (roinn 4) agus ECFE/ICTWSS (roinn 'comhshocruithe agus comhaontuithe sóisialta') lena gcuirtear ar fáil liostaí sásraí doiciméadaithe (agus a mbonn á sainaithint: bunreachtúil, dlíthiúil nó cleachtas). Is féidir leis na Ballstáit faisnéis chomhlántach a sholáthar.<br>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:<br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, faisnéis bheacht a chur ar fáil maidir le cineál córasach, éifeachtach agus tráthúil rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta. |

| | | |
|---|---|---|
| (F) Agus na bearta agus na sásraí dá dtagraítear i luamhán beartais E á gcur i bhfeidhm, bíonn comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ar bhealach córasach, fiúntach agus tráthúil i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh | (2) | Foinsí atá ann cheana a úsáid:<br><br>- Na sásraí thuasluaite a chur i bhfeidhm maidir leis an Seimeastar Eorpach: le húsáid sonraí Eurofound (staidéir maidir le 'rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa cheapadh beartais - nasc le heagrán 2024) is féidir na Ballstáit a chatagóiriú sna catagóirí seo a leanas:<br><br>*Níl: Níl comhpháirtithe sóisialta náisiúnta/réigiúnacha rannpháirteach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh<br>*Tá: Tá comhpháirtithe sóisialta náisiúnta/réigiúnacha rannpháirteach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh trí chur i bhfeidhm réamhshocraithe na sásraí a sainaithníodh faoin luamhán beartais roimhe sin.<br>*Tá (*ad hoc*): Tá na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh trí bhíthin sásraí *ad hoc*<br><br>- Féadfaidh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, faisnéis bheacht chomhlántach a thairiscint. |
| (G) I gcomhthéacs an ceart chun margála i dteannta a chéile a dheonú: nósanna imeachta trédhearcacha a bheith ann maidir le haitheantas agus ionadaíochas a chinneadh, bunaithe ar chritéir réamhbhunaithe oibiachtúla, arna mbunú i gcomhairle le ceardchumainn agus le heagraíochtaí fostóirí. | (4) (a) | Foinsí atá ann cheana a úsáid:<br><br>- Nósanna imeachta ábhartha a shainaithint agus a shaintréithriú: IRLex (ranna 2.1.3 agus 6.2.1/6.2.2 maidir le critéir agus bunús dlí) asbhaint bheacht sonraí (critéir, nósanna imeachta maidir le sainmhíniú agus athbhreithniú, dáta an athbhreithnithe dheireanaigh, comhairliúchán le comhpháirtithe sóisialta sa phróiseas). Is féidir leis na Ballstáit faisnéis chomhlántach a sholáthar.<br>- Soláthraíonn Roinn D de bhunachar sonraí ICTWSS faisnéis fhíorasach maidir le comhairlí oibre agus ionadaíocht fostaithe san fhiontar. |

| | | |
|---|---|---|
| (H) Rialacha a bheith ann chun a áirithiú go ndéanfar ról sonrach na gcomhpháirtithe sóisialta i struchtúir agus i bpróisis idirphlé shóisialta a aithint agus a urramú go hiomlán, go háirithe a) gan an bonn a bhaint de sheasaimh na gceardchumann ná a n-ionadaithe i ngnóthais ina bhfuil ionadaithe oibrithe tofa i láthair; agus (b) gan aon mhearbhall a bheith ann maidir le cineálacha eile idirphlé a bhaineann le tacar níos leithne páirtithe leasmhara. | (4) (b) agus (c) | <u>Foinsí atá ann cheana a úsáid:</u><br>- Cuirtear faisnéis ábhartha theoranta ar fáil i mbunachar sonraí IRLex (roinn 3; agus roinn 6.4 lena gcumhdaítear slándáil ceardchumann), nach mbaineann go sonrach leis na mí-úsáidí a shainítear faoi fhoráil 4 den Mholadh.<br><u>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:</u><br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, tuairisc bheacht a thabhairt ar na bearta a rinneadh agus forálacha (4) (b) agus (c) den Mholadh (príomhfhorálacha is infheidhme, tagairt dlí) á gcur i bhfeidhm. |
| (I) Gan dochar don cheart chun rochtain a fháil ar nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha: sásraí a bheith ann agus a chur chun cinn arna mbunú ag na comhpháirtithe sóisialta chun díospóidí saothair a réiteach cosúil le hidir-réiteach, idirghabháil nó eadráin, le comhaontú ón dá pháirtí, arb é is aidhm dóibh caibidlíocht a éascú agus cur i bhfeidhm comhaontuithe comhchoiteanna a fheabhsú; agus feidhm idirghabhála a bhunú a fhéadfaí a ghníomhú i gcás coinbhleachta idir ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí. | (6) | <u>Foinsí atá ann cheana a úsáid:</u><br>- Tuairisc ar na sásraí idir-réitigh, idirghabhála agus eadrána atá ann cheana: IRLex (ranna 7.1 agus 7.2) asbhaint bheacht sonraí<br>- Samplaí de chleachtais náisiúnta úsáideacha: Eurofound (2022) '<u>Collective labour disputes in the EU (*Díospóidí comhchoiteanna saothair san Aontas)*</u>' (2022)<br><u>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:</u><br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, faisnéis chomhlántach nó nuashonruithe a sholáthar maidir le bunú agus úsáid sásraí idir-réitigh, idirghabhála agus eadrána a chuirtear i bhfeidhm maidir le comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidil agus a chur i bhfeidhm, agus maidir le cásanna coinbhleachta. |
| (J) Creat dlíthiúil agus/nó beartais a bheith ann arb é is aidhm dó cómhargáil a chumasú ar leibhéil trasearnála, earnála agus cuideachta, lena n-áirítear beartais agus/nó bearta atá dírithe ar chomhordú ar fud na leibhéal sin. | (7) | <u>Foinsí atá ann cheana a úsáid:</u><br>- Leibhéil chómhargála agus a gcomhordú:sonraí OECS/ICTWSS a úsáid (roinn B 'Socrú Pá'/an fhoroinn 'Lárú agus eagrú na margála il-leibhéil') - baineann sé sin go sonrach le socrú pá ach is féidir é a úsáid mar athróg ionadach/táscaire. Leis na hathróga i roinn B, is féidir faireachán a dhéanamh freisin ar fhorbairt na cómhargála ar gach leibhéal agus comhordú a spreagadh idir na leibhéil sin agus ar fud na leibhéal sin. |

| | | |
|---|---|---|
| | | - Faisnéis chomhlántach maidir le héifeachtaí dlíthiúla comhaontuithe comhchoiteanna agus síneadh: asbhaint achomair ranna 6.3 agus 6.9 nó bunachar sonraí IRLex.<br><br><u>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:</u><br><br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, faisnéis chomhlántach a sholáthar maidir le bearta cumasúcháin i gcás ina measann siad go bhfuil údar cuí leis. |
| (K) Ráta cumhdaigh cómhargála náisiúnta (Táscaire cainníochtúil). | (8) | <u>Foinsí atá ann cheana a úsáid:</u><br><br>- Ráta cumhdaigh cómhargála, dlús na gceardchumann agus dlús eagraíochtaí fostóirí: sonraí ECFE/ICTWSS (ranna: eagraíochtaí fostóirí, ballraíocht agus dlús na gceardchumann, cumhdach cómhargála).<br><br><u>Feabhsuithe molta ar bhailiú sonraí:</u><br><br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, samplaí a sholáthar de chumhdach cómhargála i gcás oibrithe féinfhostaithe agus/nó oibrithe ardáin. |
| (L) Tacar beart agus/nó beartas a bheith ann lena gcumhdaítear córas forfheidhmithe comhaontuithe comhchoiteanna ag brath ar an dlí náisiúnta nó ar an gcleachtas náisiúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cigireachtaí agus smachtbhannaí. | (8) (c) | <u>Foinsí atá ann cheana a úsáid:</u><br><br>- Creat dlíthiúil is infheidhme maidir le cumhdach comhlíonta/comhlíontachta comhaontuithe comhchoiteanna: Bunachar sonraí IRLex, ranna 6.6 agus 6.8.<br><br><u>Feabhsuithe molta ar bhailiú sonraí:</u><br><br>- D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, faisnéis chomhlántach a sholáthar maidir le bearta lena rialaítear forfheidhmiú comhaontuithe comhchoiteanna (lena n-áirítear cigireachtaí agus smachtbhannaí a bheith ann). |

| | | |
|---|---|---|
| (M) Bearta a bheith ann, lena n-áirítear bearta foilsithe agus cumarsáide chomh maith le , arb é is aidhm dóibh torthaí agus breisluach an idirphlé shóisialta agus na cómhargála a chomhroinnt agus a chur chun cinn. | (9) | Níl aon fhoinse chórasach/inchomparáide ann<br><br>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:<br><br>- Bearta arna ndéanamh chun tairbhí agus breisluach an idirphlé shóisialta agus na cómhargála a chur chun cinn: Cuirfidh na Ballstáit faisnéis bheacht ar fáil; agus maidir le stórtha a bheith ann agus bealaí eile chun comhaontuithe comhchoiteanna a fhoilsiú/a dhéanamh inrochtana. |
| (N) Bearta agus gníomhaíochtaí a bheith ann arb é is aidhm dóibh comhtháthú an leibhéil Eorpaigh in idirphlé sóisialta éifeachtach agus i gcómhargáil a bharrfheabhsú, lena n-áirítear trí (a) comhoibriú idir comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach a éascú; (b) tacaíocht a chur ar fáil chun comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta arna dtabhairt i gcrích ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme; agus (c) an úsáid is fearr a bhaint as cistiú ón Aontas agus comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun úsáid a bhaint as cistiú an Aontais atá ann cheana. | (10) (g) (h) (i) | Foinsí atá ann cheana a úsáid:<br><br>- Comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme: tuarascálacha chuig coistí um idirphlé sóisialta (earnálacha) maidir le cur chun feidhme comhaontuithe uathrialacha (ar fáil trí bhunachar sonraí téacsanna idirphlé shóisialta an Choimisiúin Eorpaigh).<br>- Cistiú ón Aontas a úsáid: sonraí atá ann cheana a bhailigh an Coimisiún maidir le cistiú spriocdhírithe CSE+ agus TSI chomh maith le cistiú an tsainchirt shóisialta chun tacú leis an idirphlé sóisialta.<br><br>Feabhsú molta ar bhailiú sonraí:<br><br>- Comhoibriú le comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais: D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, míniú beacht a thabhairt maidir le haon bheart spriocdhírithe ábhartha.<br>- Comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais a chur chun feidhme: D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, faisnéis chomhlántach bheacht a sholáthar maidir le bearta tacaíochta, i gcás inarb ábhartha.<br>- Cistiú ón Aontas a úsáid: D'fhéadfadh na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta, machnamh a dhéanamh ar fhaisnéis a sholáthar maidir le bearta lena spreagtar úsáid a bhaint as cistiú ón Aontas. |